Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine** **Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Mairt, 8 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach bhfuil aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe.** Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E agus a fhorbróidh tú ón sliocht tuairisciúil a roghnaíonn tú. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó 2 – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Is é an t-aigéan an t-éiceachóras is mó ar domhan agus is breá liom tumadh isteach in aon chuid de. Is í an fharraige dhomhain is fearr liom, is é sin an chuid di atá thíos faoi 'zón an bhreacsholais' agus atá go huile is go hiomlán gan solas.

Bíonn sé ina oíche de shíor ansin. Ach mar sin féin, ní dorchadas iomlán a bhíonn timpeall ort ach solas na lampróg – solas beo, an solas atá á astú ag 90 faoin gcéad de na créatúir a chónaíonn sa mhuir dhomhain: smugairlí róin, cúcamair farraige, éisc bheaga, baictéir. Tá sé d'acmhainn ag an gcuid is mó den saol beo atá i ndomhain na farraige bladhmadh nó glioscarnach nó lonrú a dhéanamh. Is geall é le bheith ag tumadh isteach sa Cheathrú lá d'Iúil.

Tá créatúir lonracha san uisce éadomhain fiú, ach tá siad go speisialta fairsing san fharraige dhomhain cionn is nach bhfuil aon solas nádúrtha ansin. Baineann siad feidhmeanna éagsúla as an lonracht. Le feiceáil cá bhfuil siad ag dul; bíonn solas á shoilsiú roimhe ag iasc an lampa ghealánaigh fiú amháin. Baineann na láimhínigh úsáid as an soilsiú chun creach a mhealladh sách gar dóibh lena n-ithe.

I bhfomhuireán a thugann tú cuairt ar an bhfarraige dhomhain – is é sin mura bhfuil ann ach aon uair amháin atá tú ag iarraidh é a dhéanamh. Is ansa liom gach uile fhomhuireán (ba é *Yellow Submarine* leis na Beatles m'amhránsa; phlanc sé téada mo chroí). Is geall le culaith thumadóireachta déanta as miotal agus aicrileach, in ionad bheith déanta as éadach, fomhuireán beag aon duine. Is é an rud é is gaire don tumadóireacht a thig a bheith agat in inneall.

Íslítear amach thar thaobh an bháid thú agus *away* leat. Bíonn tú saor san fharraige! Ní thógann sé ach cúig nóiméad dul síos 500 troigh. Gorm na spéire a bhíonn ar dhromchla an uisce, ach de réir mar a théann tú síos tagann gach imir ar an ngorm a thiocfadh leat a shamhlú: gorm na saifírí, corcairghorm, plúiríneach. Sa deireadh iompaíonn an gorm dúghorm – agus ansin dubh amháin.

Uaireanta is breá liom imeacht le sruth, ar nós giota planctóin, le linn dom bheith ag amharc ar an seó solais mórthimpeall orm. B'fhéidir go gcuirfinn na soilse ar siúl féachaint cé atá ag cruthú na bithlonrachta. Is féidir gur slabhraí fada salp is cúis leis, rudaí cosúil le steancanna mara agus gach ceann acu thart ar dhá orlach ar fad. Ina gcoilíneachtaí a mhaireann na slabhraí geilitíneacha seo, agus d'fhéadfaidís a bheith 50 troigh ar fad.

Nuair a fheicim rudaí mar sin is mian liom daoine eile a spreagadh dul síos agus iad a fheiceáil dóibh féin. Ní bhíonn a fhios agat cad é atá tú ag dul a fháil.

Uair amháin bhí teagmháil agam a mbeidh cuimhne agam uirthi san aigéan amach ó oileán Lanai in Haváí. Bhí mé sa doimhneacht sin uisce nach bhfeiceann tú rud ar bith ann ach ar éigean – bhí solas os mo chionn ach bhí an dorchadas thíos fúm. Ar an dromchla, bhí an ghrian ag soilsiú agus bhí daoine ag snámh, ag seoltóireacht agus ag déanamh na rudaí go léir a dhéanann daoine in uiscí gorma grianlasta Haváí. Ach bhí mé i bhfad thíos, 1,300 troigh faoin uisce.

Thug mé rud éigin faoi deara as eireaball mo shúile. Cheap mé ar dtús gur ghiota de bhruscar a bhí ann (is minic a fheiceann tú bruscar ag imeacht thart le sruth). Ach nuair a chas mé m'fhomhuireán beag agus nuair a dhírigh mé mo shoilse go hiomlán ar an rud seo, tharla sé gur ochtapas a bhí ann agus é ar sé throigh ar fad.

D'fhan sé ansin, agus bhí sé soiléir go raibh sé ag amharc orm. Agus ar feadh uair an chloig ina dhiaidh sin rinne an t-ochtapas seo agus mé féin damhsa, d'fhéadfá a rá. Chorródh sé siar giota, ansin chorródh sé go mall i mo threo. Chasainn agus thagadh sé go dtí mé agus stopadh sé. Ar ócáid amháin spréigh an t-ochtapas é féin ar bharr an fhomhuireáin agus d'amharc sé isteach orm tríd an bholgán – bhí sé cineál cosúil le cartún de chuid Gary Larson. Bhí sé chomh meallacach draíochtach sin, bailé iontach le créatúr as an doimhneacht.

Arna chóiriú as *My Favourite Place on Earth* le Sylvia Earle, curtha le chéile ag Jerry Camarillo Dunn, Jr., National Geographic, 2009.

## Sliocht B

Ba fhuiseog é m'athair, Séamas, i dteach ulchabhán. Bhíodh sé sa chistin le breacadh an lae ar mhaidineacha samhraidh, é ag amharc amach thar bhalla aoldaite an ghairdín cúil ar shúilín na spéire taobh thiar den chrann seiceamair. Bhí sé ábalta reveille bhuabhallaí an airm a chloisteáil sa bheairic a bhí ar bharr ceann de na cnoic sin as ar gearradh lochtáin thuaisceart chathair Chorcaí. Dhéanadh sé an bricfeasta, d'fháisceadh sé oráistí agus mheascadh sé in uisce te agus siúcra iad, agus dhéanadh sé tósta. Le linn do na huibheacha a bheith ag beiriú thugadh sé marmaláid, im agus gránach anall ón gcófra dearg sa chúinne. Ní raibh cuisneoir ann: bhí pantrach sna tithe a tógadh ar aghaidh na haille – áiteanna nár shoilsigh an ghrian riamh – agus bhí tíleanna ar na hurláir iontu a choinnigh an áit fuar de shíor.

Mo dheirfiúr Bébhinn agus mé féin, bhíomar ábalta torann na siséal ar an chloch a chloisteáil cheana féin. Bhí sé ag teacht as an tseid d'iarann rocach ina snoíodh Seamus dealbha agus inscríbhinní le solas an lae, amuigh faoin spéir. Ar an taobh eile den chlós a bhí an stiúideo ceart ina n-oibríodh sé sa gheimhreadh. Ba ansin a rinne sé a lán cloigne portráide as cré. Teilgeadh i gcré-umha nó snoíodh as cloch níos déanaí iad. Ansin faoin meathsholas, a bhíodh ag téaltú isteach aduaidh, is é tost an bhailiúcháin sin de chloigne ag amharc anuas orainn óna n-airde éagsúla is cuimhin liom. Agus is cuimhin liom boladh glan an phlástair agus na cré.

An teas, siosarnach an uisce ag beiriú nuair a teagmhaigh an siséal leis agus imlíne na hinneonach ar nós clogad ridire: bhí draíocht ag baint leo ar fad. Agus ansin an siséal beag, ina láimh aige, ag sní tríd an gcloch gan fágtha ina dhiaidh aige ach deannach bán. Ó! Bhí cuma chomh héasca air, dúil amháin ag ceansú dúil eile, cling cling an tsiséil ina loinneog i gcluiche idir an cheird mheidhreach agus an mhais dhlúth.

Bhí an chré níos éasca: bogthe, mín agus intuargainte. Chuir sé cnap de a raibh méid úill ann ar an tábla adhmaid sa stiúideo agus d'amharc sé go foighneach orainn fad a bhíomar ag tincéireacht leis. Thairg sé spadail nó scríobairí dúinn, agus spreagadh. Bhí cuimhne againn ar an dóigh a ndéantar é, bhí sé feicthe sa bhaile againn na tráthnónta fada samhraidh sin; caithfidh sé gurbh é an samhradh a bhí ann mar, an t-áiléar úd inar mhúnlaigh sé ár mblaoscanna nó ina ndearna sé sinn a athchruthú, bhí sé gan teas. Bhí caint ann, ach caithfidh go raibh sé ciúnas ann fosta mar chualamar banna ceoil an airm, iad ag cleachtadh máirseálacha i gcearnóg na beairice an uair seo.

Tógadh an dromchla as giotaí bídeacha cré a rinne sé a rolladh idir mhéar is ordóg agus ar bhrúigh sé síos orthu leis an uirlis ba mhaisiúla díobh ar fad, an spadal adhmaid a raibh dhá cheann uirthi, í tanaí éadrom agus snasta le teann aoise agus úsáide. Dhírigh sé a iarracht ar fad ar an gcloigeann féin ach rinne sé cúram de na mionsonraí: cuach i ngruaig Bhébhinn, biorán brollaigh Chorcaí faoi bhun an choiléir ormsa. Dúirt sé go raibh biorán brollaigh Chorcaí cosúil le biorán brollaigh na Teamhrach ach amháin go raibh an biorán ceartingearach ann.

Ar deireadh, agus an solas ag dul i léig, filleadh tuáillí fliucha ar an gcloigeann chré. Nigh sé a lámha, chuaigh sé ag obair ar líníocht nó, sa deireadh, chrom sé ar an léitheoireacht.

Arna chóiriú as *A Lark In a House of Owls* le Orla Murphy, RTE, Cnuasach de chuid Sunday Miscellany, 2011.

## Sliocht C

Táim im sheasamh ar thalamh bán ar Shráid Dhoiminic Íochtarach in éineacht le Sam Bishop agus Aaron Copeland ón Upstart Collective. Tá siad ag cuidiú liom an tobpháirc a bheidh anseo faoi cheann sé seachtaine a shamhlú.

Beidh pailléid ar an talamh i bPáirc Ghranby, chomh maith le caiféanna, plandaí inite, suiteálacha ealaíne, siúlóid choillearnaí, polatholláin, racaí rothar agus amfaitéatar. Cuideoidh cniotálaithe fiú amháin chun na ráillí gránna a 'abhras-bhuamáil' le clúdaigh dhathannacha olann.

Anois, áfach, tá an féar sceadach. Tá spallaí ann. Tá taobh amháin den pháirc ag amharc amach ar ghraifítí den stíl Mheiriceánach, agus an taobh eile ar oibreacha bóthair atá thar a bheith torannach.

'Idirghníomhachtaí i spásanna poiblí,' sin é gnó uile Upstart. Tháinig siad os comhair an phobail den chéad uair le linn an olltoghcháin deiridh nuair a chroch siad saothair ealaíne ar chuaillí na lampaí ar fud na cathrach. Bhí a leithéid seo orthu: "Batman amháin a shábhálfaidh anois sinn". "Bhí lúb ar lár sa dlí a dúirt go raibh cead agat rud ar bith a chrochadh dá mbeadh tagairt don toghchán ann," a deir Copeland, atá ina mhúinteoir meánscoile.

Tá Upstart i ndiaidh a bheith ag obair ar Pháirc Ghranby le dhá bhliain anuas. Is uaillmhianaí mar thionscadal é ná an chéad cheann. Deir Bishop: "Gheobhaidh tú spásanna mar seo sna cathracha go léir. Táimid ag iarraidh samhail a chruthú don úsáid a bhainfí astu, cur chuige is féidir a roinnt ionas gur féidir le pobail nó le daoine aonair nó le duine atá ag obair don chomhairle a rá go bhfuil a lán spásanna folmha againn."

"Is é an dearcadh ag bhí agam agus mé ag fás aníos nach raibh sa tsráid ach áit a dtiocfadh leis na gardaí a rá liom cad é  a bhí coiscthe orm a dhéanamh, in ionad bheith ag smaoineamh uirthi mar shráid an phobail …"

San am i láthair, tá cuidiú ó Upstart. Tá daonchumhacht, airgead, oibrithe deonacha agus plandaí de dhíth air. Tá cniotálaithe agus airgead faoi choinne árachais agus slándála uaidh. Tá an pobal áitiúil ar bord. Tá Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath tar éis a bheith iontach cuiditheach; thug siad oifig dóibh atá ag amharc amach ar an bpáirc fiú amháin. Bhí an lucht gnó flaithiúil freisin. Tá dearadh déanta ag Ailtirí Sean Harrington le haghaidh amfaitéatair a dhéanfaí go hiomlán as pailléid.

"Ní cás aon uaire iad," a deir Copeland faoi láithreáin fholmha. "Beidh a leithéid sa chathair i dtólamh. Ba mhaith linn a léiriú conas is féidir na háiteanna folmha seo, nach dtarraingíonn isteach aon rud ach bruscar, a líonadh le tuilleadh den ghlaise, tuilleadh ealaíon, tuilleadh daoine – rudaí níos deise go díreach."

Arna chóiriú as *'Pop-up' Parks and Recreation: How one Dublin Community Fills a Vacuum,*
Patrick Freyne, Irish Times Weekend, 2013.

## Sliocht D

An bóthar a thriall sé aníos ón loch, níorbh fhéidir é a thaisteal a thuilleadh ach de shiúl na gcos. Réab na tuilte codanna de chun siúil agus níor athchóiríodh an dromchla air. Bhí geata meirgeach iarainn ina sheasamh idir dhá phiara thiubha chiorclacha a bhí déanta as clocha ach bhí an bealach isteach plúchta le fiúise agus le saileach. Bhí stróic úr sa talamh san áit ar brúdh an geata ar oscailt agus fágadh rian na gcos go húr ann. Bhí féar ag fás ar fud na sráide. Bhí carn beag de channaí, de bhuidéil, de mhálaí plaisteacha agus de chartáin bhainne le hais an dorais. Bhí an teach agus na sciobóil araon daingean agus díon iarainn orthu ach níor cuireadh péint ná aol orthu leis na blianta. Ar an taobh eile den teach, leagadh an tseanscioból féir go talamh le linn stoirme. Bhí leathán gearrtha millte d'iarann ar crochadh as cuaille iarainn mar a bheadh brat sleabhctha donn ann. Go dtí an teach seo is ea a bhog Pádraig Ó Riain nuair a lig sé don teach ar fhás sé aníos ann titim.

Freagra níor tugadh ar chnag ná ar ghairm Ruttledge. Bhí an doras gan ghlas.

Istigh, caithfidh sé nár athraíodh an seomra le caoga bliain nó mar sin. Níor athraíodh é ó chonaic Ruttledge den chéad uair é deich mbliana nó cúig bliana déag roimhe sin: an drisiúr donn, an leaba shuíocháin, an crúca iarainn os cionn an teallaigh oscailte, úim an chapaill ar crochadh ar an mballa idir na pictiúir naofa – an Mhaighdean agus meangadh uirthi, sileán na fola ón gCoróin Spíne, na dathanna orthu go léir tréigthe anois agus spotaí taise faoin ngloine orthu.

Bhí na ballaí san fhuinneog bheag ceithre throigh ar tiús ar a laghad. Bhí bolgán lom ag crochadh as an tsíleáil. D'fhreagair sé don lasc. Bhí burla de bhricíní móna le hais an tinteáin agus, i lár an urláir, bhí carn de chraobhacha tirime. Bhí Bushman úrnua dearg caite i measc na gcraobhacha agus cairn bheaga de mhin sábha anseo agus ansiúd ar an urlár. Bhí babhla siúcra, cupáin gan ní, bainne, giota de bhollóg aráin, canna sairdíní, pláta a raibh blaoscanna uibheacha air, buidéal leathlán de Powers, barra gallúnaí, im, paicéad folamh Silk Cut, úlla dearga, próca marmaláide, salann, lasáin, crúiscín donn, nuachtán oscailte, raidió agus clog aláraim, bhí sin go léir spréite ar fud an tábla. I gcontrárthacht iomlán leis sin, bhí cúinne beag amháin den seomra a bhí lom slachtmhar. Bhí iarann smúdála ina shuí ar chlár iarnála. Bhí dhá léine bhána agus iad iarnáilte go foirfe ar crochadh taobh le culaith dhorcha phreasáilte. Bhí péire bróg de leathar breá dubh ina suí ar chathaoir. Snasaíodh iad go raibh loinnir orthu.

Arna chóiriú as *That They May Face the Rising Sun,* by John McGahern, 2002.

## Sliocht E

Go coráistiúil, mar sin, agus mé ag smaoineamh ar charbaill thnúthánacha mo pháistí, a rinne mé mo chéad stopanna cumhacha leithleasacha – bonanzaí lán clíséanna – ag margadh na bhfeirmeoirí agus ag siopa sármhaith Field. Iasc úr agus iasc deataithe, 'cloicheáin' mar a thugtaí go neamhphostúil orthu, arán sóid, im, uachtar dúbailte, marmaláid, uibheacha lachan, bagún, maróg Chloich na Coillte, sútha talún agus trátaí, cabáiste, cóilis, cáis Éireannach agus prátaí. Ó, a Dhia ár sábháil, na prátaí ... díolann Field's málaí áisiúla de dhuilleoga measctha sailéid freisin, táirge áitiúil, é úr réamhnite. Déanann siad an saol i bhfad níos éasca.

Bhí na bialanna ag sméideadh anall orainn ach ní fhéadfadh seachtar nó ochtar againn dul amach ag ithe gach lá, agus ba lúcháireach an rud a bheith ag cócaireacht sa bhaile le comhábhair as Éirinn. Bhí trealamh níos fearr sa chistin a bhí ar cíos agam ná mar a bheadh sa chuid is mó de na cistineacha. Bhí gríoscán ar dhá leibhéal sa chócaireán a bhí díreach i gceart le haghaidh na cáise tóstáilte in am na práinne. Is mór a airím uaim an cháis chéanna sa Fhrainc. Bhí ár mbéilí chomh simplí agus gach uile phioc chomh blasta leis na béilí a ullmhaím in Chavenay. Bhí gach rud ar dóigh agus ar deil go dtí seo ach de réir mar a thaistealaíomar timpeall na tíre tháinig réalachas follasach chun léire. Margaí na bhfeirmeoirí, siopaí na gceardaithe agus na bialanna atá ar an gcuid is fearr ar an domhan, tá siad sin ag trádáil taobh le taobh leis na háiteanna sin ina ndíoltar sicín is sceallóga, agus trasna na sráide ó shiopa coirnéil a bhíonn ar oscailt ó cheann ceann an lae, áiteanna nach bhfaighidh tú de ghlasraí neamhphróiseáilte iontu ach dornán oinniún, úlla fuaraithe, trátaí agus prátaí.

Gríosaítear daoine a bheith ag ithe sneaiceanna agus, i dtromlach na n–áiteanna, truflais a thairgtear dóibh: cístíní cupa ábhalmhóra; lán buicéid de dheochanna boga; dríodar gréisceach domhainfhriochta atá tachta i dtaosrán agus líonta le hispíní; ceapairí báite i maonáis; agus brioscáin, brioscáin i dtólamh.

Irisí snasta atá lán le hoidis chócaireachta agus noda "éasca" iontu le haghaidh féilte fantaisíochta "gan iarracht" agus le haghaidh saol sláintiúil iad ina suí taobh le cairn ollmhóra de mhilseogra, sóid agus sneaiceanna a phiocann na custaiméirí suas gan smaoineamh – fiú agus iad díreach i ndiaidh an bricfeasta a chríochnú agus nuair nach raibh uathu le fírinne ach leacht níocháin. Is annamh a bhaineann an lucht féachana triail as na nithe a fheiceann siad ar na cláir chócaireachta ar an teilifís. Tá siopaí na n-earraí athláimhe lán le leabhair chócaireachta na gcócairí móra, leabhair na *yummy mummies*, a tugadh mar bhronntanais do dhaoine agus nár baineadh úsáid riamh astu chun mias a chócaráil.

Arna chóiriú as *A French Foodie Homecoming* le Trish Deseine, le caonchead *The Irish Times*, Lúnasa 2012.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# EALAÍN

## Dearadh

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 8 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead** agat áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha, agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach, mar aon le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, agus iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach.**

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Má éisteann tú, cloisfidh tú í, cloisfidh tú an chathair agus í ag canadh.
Crónán íseal suaimhneach na ngléasanna aerchóiriúcháin ag spré amach an teasa agus na mbolaithe ó shiopaí, ó chaiféanna agus ó oifigí ar fud na cathrach, ag ardú agus ag ísliú, análacha fada ina sraitheanna os cionn a chéile, crónán suantraí do shráideanna tuirseacha. Fuadar tráchta fós ag scinneadh trasna uasbhealaí, fiú in am marbh na hoíche bíonn brúisc shíoraí fuaime ann, boinn ag gluaiseacht thar tharmac agus innill ag brúchtaíl, clúdaigh scaoilte ó dhraenacha agus ó dhúnphoill ag clagadh mar a bheadh castainéid d'iarann teilgthe. Lucht deisithe bóithre ag deisiú, na huaireanta is lú cur isteach orthu á roghnú acu, iad ag scoilteadh aer fuar na hoíche le druilirí agus le casúir agus le caidéil neomatacha, iad ag cur allais faoi shiosadh fiuchta na dtuilsoilse, ag béiceadh ar a chéile mar a bheadh drumadóirí i mbannaí rac ag glaoch amach rithimí, ag greamú craiceann nua ar fhéitheacha na cathrach. Meaisíní míshuaimhneacha i gceardlanna agus i monarchana a bhfuil sealanna oibre gan deireadh iontu, iad ag casadh agus ag pumpáil agus ag galú agus ag splancadh, ag preasáil, ag rolladh agus ag fí agus ag priontáil, plimp chrua agus clingeadh agus clagarnach ag portaireacht ó fhoirgnimh arda lán macallaí agus iad ag canadh chun na hoíche.

Leoraithe ag cúlú, thart timpeall ar an stua de pháirceanna tionsclaíocha, is cosúil go bhfuil gach leoraí sa bhaile ag cúlú, ag cúlú trí gheataí, suas rampaí, á bhfógairt féin go hardghlórach fad agus a bhíonn forc-ardaitheoirí ag gluaiseacht agus ag tuairteáil timpeall orthu, ag carnadh agus ag cruachadh agus ag lódáil. Agus na halárаim ar fad, ag glaoch ar chúnamh, tá aláraim ag bualadh i ngach ceantar agus i ngach limistéar, tá aláraim ag glaoch i ngach sráid agus i ngach eastát. Tá aláraim ag glaoch pé áit a n-iompaíonn tú, ag imeacht as, ag teacht air, ag imeacht as, ag teacht air, clingeadh á bhualadh amach mar a bheadh tormán drumaí tintrí, mar a bheadh clog á bhualadh go draíochtach, na cinn bhréagacha agus na cinn atá dáiríre chomh hard le chéile, ag éamh a gcuid riachtanas ar an oíche. Bonnáin ag canadh, ag sleamhnú trí na sráideanna, solas gorm á stríocadh ó éigeandáil go héigeandáil acu, an t-olagón mall ag fí dithnis trí na huaireanta is dorcha d'uaireanta an dorchadais, caoineadh á chrochadh go hard, á chrochadh os cionn na ndíonta agus ag imeacht i léig, á chrochadh go hard, ag scinneadh thar bráid, ag imeacht i léig.

Éist mar sin. Éist agus beidh tuilleadh le cloisteáil agat, gliogarnach chlúdaigh na n-araidí bruscair á leagan ar an talamh. Dhá chat atá réidh le dul i mbun troda ag scríobadh agus ag scrábáil. Plimp thobann thoirní na mbuidéal agus iad á bhfolmhú isteach i gcliathbhoscaí. Plab-plab dhoirse na gcarranna á ndúnadh, giaranna á n-athrú, truip trap ó bhacadradh mall abhaile de shiúl oíche. Comhlaí ag rolladh go rocach agus á dtarraingt anuas ar chaiféanna a bhíonn oscailte go déanach san oíche, glór garbh ag glaoch amach ainmneacha sráide do thacsaithe, scread ard a fhanann agus a iompaíonn isteach ina gáire, pléasc a tháinig ó sheancharr ag cúltortadh, b'fhéidir. Bosca teileafóin ag glaoch amach ag iarraidh freagra, crann lán d'éin a cheapann go bhfuil sé ina mhaidin, ceol bog á bhladhrach agus plab na mbuillí crua. Cloisfidh tú fothram agus fuadar agus iontas gan staonadh in amhrán na cathrach má éisteann tú. Stopann sé in am marbh éigin atá naofa agus annamh, teannta eatarthu siúd a théann a chodladh go mall agus iad siúd a éiríonn go moch. Is ansin a tharlaíonn míorúilt an chiúnais. Bíonn na móimintí sin ann i gcónaí ach is annamh a thugtar faoi deara iad agus is annamh a mhaireann siad níos faide ná mar a mhairfeadh smeachóid de smaoineamh beag fánach.

Athchóirithe as *If Nobody Speaks of Remarkable Things* le Jon McGregor, Bloomsbury Press, 2002.

**Sliocht B**

Nuair a chonaic siad siúd a bhí ina gcónaí sna sráidbhailte go rabhamar ag teacht, chuir siad nimh sna toibreacha agus theith siad go barra na gcnoc. Throideamar leis na Magadae, a bhí sean nuair a rugadh iad agus a éiríonn níos óige agus níos óige de réir na bliana agus a fhaigheann bás nuair a bhíonn siad ina bpáistí beaga: agus leis na Laktroi a deir gur clann mhac na dtíogar iad agus a chuireann dath buí agus dubh orthu féin; agus leis na Aurantes a adhlacann a gcuid marbh ar bharr na gcrann agus a mhaireann i bpluaiseanna dorcha iad féin ar fhaitíos go maródh an Ghrian, atá mar dhia acu, iad; agus le him agus éanlaith úr; agus leis na Agazonbae, a bhfuil aghaidheanna madraí orthu agus leis na Sibans a bhfuil cosa capaill orthu agus a

ritheann níos tapúla ná capaill. Maraíodh trian dár gcomplacht agus iad i mbun troda agus trian eile de bharr an ghátair. Bhí an chuid eile ag monabhar orm agus dúirt siad gur tharraing mé mí-ádh orthu. Tharraing mé amach nathair adharcach a bhí faoi bhun cloiche agus lig mé di goimh a chur ionam. Nuair a chonaic siad nár éirigh mé tinn bhuail faitíos iad.

Shroicheamar cathair Illel sa cheathrú mí. Bhí sé ina oíche nuair a thángamar chomh fada leis an ndoire atá taobh amuigh de na ballaí agus bhí an t-aer trom, mar go raibh an Ghealach ag taisteal sa Scairp. Thógamar na pomagránaití aibí de na crainn, bhriseamar iad agus d'ólamar an sú milis astu. Ansin luíomar síos ar ár gcuid cairpéad agus d'fhanamar le breacadh an lae.

Agus le breacadh an lae, d'éiríomar agus bhuaileamar ar gheata na cathrach. Bhí sé saoirsithe as cré-umha dearg agus greanta le dragain mhara agus dragain a bhfuil sciatháin orthu. D'fhéach na gardaí síos ó na forbhallaí orainn agus d'fhiafraigh dínn cén gnó a bhí againn ansin. D'fhreagair ateangaire an charbháin ag rá gur thángamar ó oileán na Siria agus go raibh mórán earraí againn. Thóg siad gialla agus dúirt siad linn go n-osclóidís an geata dúinn ag meán lae agus d'iarr siad orainn fanacht thart go dtí sin.

Nuair a bhí sé ina mheán lae d'oscail siad an geata agus le linn dúinn a bheith ag dul isteach tháinig na daoine amach as na tithe ina sluaite chun féachaint orainn agus chuaigh bolscaire ar fud na cathrach ag glaoch trí shliogán. Sheasamar in áit an mhargaidh agus scaoileamar na cordaí de na burlaí d'éadach maisithe agus d'osclaíomar na cófraí snoite seiceamair. Agus leag na ceannaithe amach a gcuid earraí aisteacha, an línéadach céarach ón Éigipt agus an línéadach péinteáilte ó thír na nAetópach, na spúinsí corcra ón Tuír agus na taipéisí ó Shiodón, na cupáin d'ómra fuar agus na soithigh bhreátha ghloine agus na soithigh aite de chré dhóite. Bhí scata ban ag faire orainn ó dhíon tí. Bhí púicín de leathar óraithe á chaitheamh ag duine acu.

Agus d'fhanamar ansin leis an ngealach, agus nuair a bhí an ghealach ag dul ar gcúl, d'éirigh mé tuirseach agus chuaigh mé ag fálróid trí shráideanna na cathrach agus tháinig mé go dtí gairdín an dé atá aici. Ghluais na sagairt ina gcuid róbaí buí go ciúin trí na crainn ghlasa. Bhí teach, a raibh dath dearg an róis air, ina sheasamh ar ardán de mharmar dubh agus is ansin a bhí an dia ina chónaí. Bhí laicear púdrach ar a chuid doirse agus tairbh agus péacóga saoirsithe orthu le hór ardaithe snasta. Bhí tíleanna de phoirceallán muirghlas ar an díon agus bhí na sceimhleacha gobacha clúdaithe le cloig bheaga. Nuair a d'eitil na coilm bhána thar bráid, bhuail siad na cloig lena gcuid sciathán agus chuir siad ag clingeadh iad.

Bhí linn d'uisce gléghlan os comhair an teampaill agus bhí sí pábháilte le hoinisc fhéitheach. Luigh mé síos lena hais agus theagmhaigh mo mhéara geala leis an duilleoga leathana. Tháinig duine de na sagairt i mo threo agus sheas taobh thiar díom. Bhí cuaráin ar a chosa, ceann amháin de chraiceann bog nathrach agus an ceann eile de chluimhreach éin. Bhí mítéar d'fheilt dhubh a bhí maisithe le corráin airgid ar a cheann. Bhí seacht gcinn de dhathanna buí fite ina róba agus bhí a ghruaig chaisnithe ruaimnithe le hantamón.
Labhair sé liom tamall beag níos déanaí.

Athchóirithe as *Selected Prose by Oscar Wilde,* Penn State University Press, 2006.

**Sliocht C**
Bhí aisling agam aréir go ndeachaigh mé go Manderley arís. Tháinig mé air go tobann, an bealach isteach folaithe ag tor ollmhór a bhí tar éis leathnú i ngach treo. B'in é, Manderley, Manderley seo againne, chomh rúnda agus chomh ciúin agus a bhí riamh, an chloch ghlas ag lonradh faoi sholas gealaí m'aislinge, scáil na bplásóg agus an léibhinn sna fuinneoga muilleanacha. Níorbh fhéidir le himeacht na mblianta siméadracht fhoirfe na mballaí seo, ná an suíomh féin, ar seod i mbos láimhe é, a scriosadh. Bhí an léibheann ag rith le fána i dtreo na bplásóg agus bhí na plásóga ag síneadh chomh fada leis an bhfarraige. Nuair a chas mé timpeall, bhí mé in ann an brat suaimhneach airgid a fheiceáil faoi sholas na gealaí, mar a bheadh loch ann nach raibh gaoth ná stoirm ag cur as dó. Ní ardódh aon tonnta chun an t-uisce aislingeach seo a chorraí agus ní cheilfeadh aon scamall mór a bheadh ag teitheadh roimh an ngaoth aniar gléine na spéire gile seo.

Chas mé ar ais arís i dtreo an tí, agus cé go raibh sé ina sheasamh ansin gan aon dochar déanta dó, gan aon lámh leagtha air, amhail agus dá mba inné féin a d'fhágamar é, thug mé faoi deara go raibh an gairdín tar éis teacht faoi réir dhlí na dufaire, faoi mar a bhí déanta ag na coillte. Bhí na ródaideandróin caoga troigh ar

airde, iad casta agus snaidhmthe sa raithneach agus iad tar éis dul i gcleamhnas coimhthíoch le baicle de thoir gan ainm, bastaird bhochta a bhí i ngreim ina gcuid fréamhacha faoi mar a bheidís eolach ar an mbunús lochtach a bhí acu. Bhí líológ tar éis cúpláil le feá rua agus bhí an t-eidheann drochaigeanta, atá ina namhaid shíoraí ag an ngrástúlacht, tar éis a chuid teannóg a chasadh timpeall ar an gcúpla chun iad a cheangal níos dlúithe fós dá chéile agus príosúnaigh a dhéanamh díobh. Bhí tús áite ag an eidheann sa ghairdín caillte seo. Bhí na dlaoithe fada ag sní trasna na bplásóg agus ba ghearr go mbeidís ag teacht isteach sa teach féin. Bhí planda eile ann freisin, meascach éigin ón gcoill, ar scaipeadh a chuid síl faoi na crainn tamall fada ó shin agus a ndearnadh dearmad air ina dhiaidh sin. Anois agus é ag máirseáil céim ar chéim leis an eidheann, bhí sé ag sá a choirp ghránna, mar a bheadh biabhóg ollmhór ann, i dtreo an fhéir bhoig ina mbíodh lusanna an chromchinn ag luascadh. Bhí neantóga i ngach áit, ba iad urgharda an airm iad. Bhí an léibheann tachta acu, bhí siad sínte ar na cosáin, bhí siad ina luí go gáirsiúil agus go scodalach i gcoinne fhuinneoga an tí féin fiú. I mórán áiteanna bhí an bhiabhóg tar éis briseadh trína gcuid línte catha agus bhí siad sínte ansin, a gcuid cloigne craptha agus a gcuid cos gan bhrí, cosán déanta acu do an coiníní.

Is féidir leis an ngealach cleasa aisteacha a imirt ar an tsamhlaíocht, fiú ar shamhlaíocht an aislingigh. Agus mé i mo sheasamh ansin go ciúin socair, thabharfainn an leabhar nach blaosc folamh a bhí sa teach ach go raibh sé ina bheatha agus ag análú mar a bhí roimhe sin. Bhí solas ag teacht ó na fuinneoga agus bhí cuirtíní á séideadh go bog in aer na hoíche. Ansin sa leabharlann, bheadh an doras leathoscailte faoi mar a d'fhágamar é, mo chiarsúr ar an mbord le hais an bhabhla de rósanna an fhómhair. Thabharfadh an seomra fianacht go rabhamar i láthair. An carn beag de leabhair ón leabharlann agus é marcáilte orthu go raibh siad réidh le tabhairt ar ais, agus cóip thréigthe den Times. Luaithreadáin, agus bun toitín; cúisíní agus lorg ár gcloigne orthu ina luí ar na cathaoireacha; gríosach ár dtine adhmaid ag cnádú go fóill in aghaidh na maidine. Agus bheadh Jasper, Jasper bocht, lena shúile brónacha agus a gheolbhach mór ag titim síos leis, bheadh sé sínte ar an urlár, a eireaball ag tiompáil nuair a chuala sé coiscéimeanna a mháistir.

Tháinig scamall, nach raibh aon fheiceáil roimhe sin air, trasna ar an ngealach agus d'fhan ar foluain ar feadh meandair mar a bheadh lámh dhorcha os comhair aghaidhe. D'imigh an seachmall in éineacht leis agus múchadh na soilse sna fuinneoga. Bhí mé ag féachaint ar bhlaosc dearóil, é gan anam faoi dheireadh, gan taibhse, gan aon rian den sean-am thart ar a chuid ballaí scéiniúla. Ba thuama é an teach, ár n-uamhan agus ár bhfulaingt adhlactha taobh sna fothraigh. Ní bheadh aon aiséirí ann. Nuair a smaoineoinn ar Manderley agus mé i mo dhúiseacht, ní le gangaid a smaoineoinn air. Smaoineoinn ar an gcaoi a bhféadfadh sé a bheith dá mbeadh ar mo chumas cónaí ann gan aon uamhan. Smaoineoinn ar ghairdín na rósanna sa samhradh agus ar na héin ag canadh le breacadh an lae. Ar a bheith ag ól tae faoin gcrann cnó capaill agus monabhar na farraige ag teacht aníos chugainn ó na plásóga thíos fúinn. Smaoineoinn ar an líológ á séideadh, agus ar Ghleann an Áthais.

Athchóirithe as *Rebecca* le Daphne du Maurier, Penguin Books, 1962.

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**
**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

## 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de pheannaireacht chomhaimseartha/thraidisiúnta agus an cur síos ar an oíche i sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Clúdach leabhair bunaithe ar fhantaisíocht agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Póstaer ag fógairt 'Gairdíní Caillte' faoi mar a dhéantar cur síos orthu i Sliocht C.

B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála.
Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann.

## 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid do chlúdach leabhair faoi chathracha. Bíodh Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Léaráid bunaithe ar aon íomhánna atá i Sliocht B.

(c) Léaráid bunaithe ar an teach a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

## 3. Fabraicphriontáil

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún bunaithe ar an gcathair a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht A.

(b) Athphatrún i gcomhair fabraice a bhfuil clóca le déanamh aisti do dhuine de na carachtair i Sliocht B.

(c) Athphatrún leath-thite bunaithe ar na plandaí a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

4. **Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar rithim shaol na cathrach a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht bhog thríthoiseach bunaithe ar aon cheann de na híomhánna i Sliocht B.

(c) Painéal bróidnithe dar teideal 'radharc tríd an bhfuinneog', bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

5. **Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar na huigeachtaí agus ar na dathanna a thugtar le tuiscint i Sliocht A.

(b) Taipéis fhite bunaithe ar na huigeachtaí agus ar na dathanna a thugtar le tuiscint i Sliocht B.

(c) Teicstíl fhite bunaithe ar na huigeachtaí agus ar na dathanna a thugtar le tuiscint i Sliocht C.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

6. **Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Soitheach bunaithe ar ghníomhaíochtaí sna páirceanna tionsclaíochta a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht cheirmeach bunaithe ar dhuine de na carachtair i Sliocht B.

(c) Painéal rilífe bunaithe ar Shliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

7. **Puipéadracht**

Dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fíor a thugtar le tuiscint i Sliocht A.

(b) Fíor a thugtar le tuiscint i Sliocht B.

(c) Carachtar bunaithe ar na plandaí a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir le hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán bosca chun íomhánna den chathair a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht A a choinneáil ann.

(b) Comhad infhairsingithe chun íomhánna a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fillteán doiciméad chun nótaí a choimeádann scríbhneoir Shliocht C a choinneáil ann.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail / na snaidhmeanna / an fearas dúnta, na samhlaoidí / an maisiúchán agus / nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bróisiúr ag fógairt scannáin dar teideal 'Saol na Cathrach' bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dearadh do chlár fógraí ag fógairt páirc siamsaíochta théama bunaithe ar Shliocht B.

(c) Clúdach do dhlúthdhiosca/DVD dar teideal 'Gairdín an Aislingigh' bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe a bheidh suite ag an mbealach isteach chuig an bpáirc thionsclaíochta a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh thríthoiseach a bheidh suite ag 'geata na cathrach' bunaithe ar Shliocht B.

(c) Píosa dealbhóireachta dar teideal 'Cuimhní' bunaithe ar Shliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit scannáin do scéinséir atá suite sa chathair a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht A.

(b) Seit scannáin do dhráma, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stáitse do 'Tráthnóna Taibhseoireachta' bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00 Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 8 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat áiseanna amhairc** ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil.

Tá cead agat ábhair cheardaíochta agus uirlisí cuí a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do **scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** atá roghnaithe agat, agus **an teideal**, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ba chóir go mbeadh do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin déanta agat roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **thaighde** a bheith ann. Is é ba chóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu agus a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach as irisí, mar aon le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach íomhá dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog ullmhúcháin A2.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog d'obair ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.** Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir duit an dearadh deiridh atá molta agat a thaispeáint agus a dhéanamh ansin. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat.** Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an ama a cheadaítear sa scrúdú. Ba chóir tagairt don chiorclán **S27/14** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, ba chóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bhosca **nó** vallait doiciméad **nó** fillteán a bheadh oiriúnach chun gearrthóga ar cheann **amháin** díobh seo a leanas a choinneáil:

(a) cuimhneacháin ar an searmanas cinn chúrsa
(b) dearaí i gcomhair tatúnna
(c) grianghrafadóireacht.

**Ba chóir go bhfeidhmeodh do phíosa críochnaithe ceardaíochta agus ba chóir go mbeadh meicníocht dúnta air.** Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair:** meascán páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair chholláise, greamachán agus uirlisí cuí.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar **8 líne ar a laghad de Théacs (a) nó 5 líne ar a laghad de Théacs (b).** Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid mar chuid den saothar.

| **Téacs (a)** | **Téacs (b)** |
|---|---|
| Ainmhí mé<br><br>ainmhí allta<br>as na teochreasa<br>a bhfuil clú agus cáil<br>ar mo scéimh<br><br>chroithfinn crainnte na coille<br>tráth<br>le mo gháir<br><br>ach anois<br>luím síos<br>agus breathnaím trí leathshúil<br>ar an gcrann aonraic sin thall<br><br>tagann na céadta daoine<br>chuile lá<br><br>a dhéanfadh rud ar bith<br>dom<br>ach mé a ligean amach.<br><br>*Géibheann le Caitlín Maude* | Tá nuachtáin fhliucha<br>ar an stroighin fhuar<br>idir ghiotaí is phíosaí<br>labhraíonn siad as faoi mo bhróga<br>ritheann an dúch<br>isteach sa chlais<br>ag snámh ar an mbáisteach<br>agus ar na bolaithe tionsclaíocha ceaptha<br>is aoibhinn liom an chathair seo.<br><br>Tá an solas ag sileadh amach<br>as éadan tosaigh na stór<br>as na fuinneoga is na doirse<br>ag iarraidh na sráideanna<br>a théamh<br>á dhoirteadh amach ar na cosáin<br>ag déanamh lochán is slodán<br>in éineacht leis an uisce<br>is aoibhinn liom an chathair seo.<br><br>Canann an ghaoth<br>agus í ag séideadh<br>an fhuachta ar ár n-éadan<br>déanann an t-oighear mar a deirtear leis<br>gortaíonn sé<br>agus ansin tugann sé grá<br>beireann barróg orainn ina ghéaga láidre<br>ach táimid saor cheana féin<br>Is aoibhinn liom an chathair seo.<br><br>*An Chathair le L'Angley Delmonte* |

**Ábhair:** Dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **uasmhéid na bileoige: A2**; meascán ábhar do cholláis: dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi.**

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer **nó** cárta taispeána do cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas:

(a) Ollmhargadh na Seanré

(b) Leathmharatón 2014

(c) Parlús Uirbeach na dTatúnna Dúigh.

**Ní mór teideal iomlán** na topaice a roghnaigh tú a bheith ar do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Tá cead agat stionsal aibítre atá gearrtha agat féin a úsáid ach **ní mór duit an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Ní mór** aon stionsal a úsáidtear a chur isteach leis an gcuid eile den obair.

**Ábhair:** rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, scuaba, greamachán, dúigh, péinteanna, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Is fút féin atá sé cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir go mbeadh sé níos mó ná A2 ar an toise is mó. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 4. Fíodóireacht

Dear agus figh taipéis bhalla **nó** taipéis **nó** painéal do sheaicéad agus tú ag baint úsáide as ceann **amháin** de na téamaí seo a leanas mar fhoinse do dhearaidh:

(a) uiscí stoirmeacha

(b) fás

(c) dreach cathrach.

Úsáid éagsúlacht ábhar agus teicníochtaí san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar. Is ceadmhach meáin mheasctha a úsáid.
**Ábhair:** Dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) giuirléidí

(b) ag rith

(c) taobh thall de na crainn.

Ba chóir toisí 15cm × 20cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna na líonóilphriontála / blocphriontála a léiriú.
**Ábhair:** Píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 15cm × 20cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa; uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
***N.B***. *Mura mbíonn do phriontaí tirim go hiomlán ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú isteach i do chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianuithe a chur isteach freisin.*

## 6. Puipéadracht

Déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) créatúr de chuid na hoíche

(b) taistealaí ama

(c) sclábhaí faisin.

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh chabhail do phuipéid chríochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Ní mór na baill choirp a chur le chéile, a phéinteáil agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.**
**Ábhair:** Fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, baill choirp déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair chuí eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) cladach

(b) trácht

(c) eitilt.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún leath-thite ar phíosa d'ábhar oiriúnach bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) samhluithe

(b) taiscí

(c) an dúlra.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ba chóir forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Fabraic, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) isteach san fhiántas

(b) brionglóidí

(c) tírdhreach uirbeach.

**Ní mór do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) soitheach agus claibín air atá bunaithe ar chultúir agus searmanas

(b) painéal rilífe bunaithe ar an gcruth daonna

(c) dealbhóireacht cheirmeach dar teideal "Anord".

**Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníocht (roth- nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus bróidnigh dealbhóireacht bhog **nó** taipéis bhalla mhaisiúil **nó** píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) sciatháin

(b) móinéir fhiáine

(c) feithidí.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc. Uasmhéid: 50cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Ábhair éagsúla, ina measc nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht

Dear agus snoigh ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic le heachtra áitiúil a chomóradh

(b) saothar saorsheasaimh bunaithe ar fhiadhúlra na foraoise

(c) clár riartha cáise.

Tá an litreoireacht roghnach. Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, trealamh snoíodóireachta agus bailchríocha cuí.

## 13. Miotalóireacht / Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic nó saothar saorsheasaimh dar teideal "Tógáil"

(b) píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh mhiotail bunaithe ar uisce reatha

(c) bonn le haghaidh rás rothaíochta.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Ábhair chruanta; miotail do theicníochtaí tógála; trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) m'aitheantas

(b) eolaíocht ait

(c) ag briseadh saor.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt leat isteach sa scrúdú. **Ní mór an píosa múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Níor chóir an saothar a bhácáil/ghlónrú.**

**Ábhair:** Is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

### Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 8 Aibreán**

### Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **cathaoir**
- **scuab urláir/mapa a bhfuil cos fhada uirthi/air**
- **cluasáin sna cluasa agus na cluasáin ceangailte de ghuthán póca nó de sheinnteoir MP3.**

Beidh sé de chead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad de réir mar a iarrtar. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag iarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa don dara staidiúir.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor a roghnú.

N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus uillinneacha ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc díreach ar an aghaidh nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraítear méid an leathanaigh A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú nach bhfuil aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)easamh agus**

- an chos dheas chun tosaigh agus an cuspa cromtha chun tosaigh beagán
- géag na láimhe chlé sínte amach chun tosaigh agus ag baint taca as cos na scuaibe/an mhapa
- an uillinn dheas lúbtha, an lámh dheas ar an gcromán deas agus ceithre mhéar le feiceáil ón tosach
- an cuspa ag féachaint ar clé.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)uí ar an gcathaoir agus**

- an dá chos ar an talamh
- cluasáin sa dá chluas agus na sreanga le feiceáil
- guthán póca/seinnteoir MP3 ina shuí ar chosa an chuspa
- an ghruaig ceangailte siar
- an uillinn dheas lúbtha agus an chluas dheas i nglac na láimhe
- an uillinn chlé lúbtha agus an lámh ag coinneáil an chluasáin sa chluas chlé
- an dá lámh le feiceáil
- an cloigeann claonta ar dheis.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 12 Meitheamh Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I - An Ealaín in Éirinn

**1.** Féadtar a rá gurb iad na huaigheanna pasáiste na tuamaí ba mhórthaibhsí a tógadh in Éirinn sa luathstair.
Déan an ráiteas seo a phlé agus tú ag tagairt d'uaigh phasáiste ainmnithe **amháin** agus do **dhá** chineál tuama ainmnithe eile ón ré Mhéisiliteach nó ón ré Neoiliteach. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar a struchtúr, ar a maisiúchán, agus ar a suíomh.
**agus**
Déan plé achomair ar an méid atá ar eolas agat faoi na daoine a thóg na tuamaí seo agus faoin gcreideamh spioradálta a bhí acu.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Forbraíodh teicníochtaí nua i saoirseacht an óir le linn ré na Cré-umhaoise in Éirinn agus chuir sin ar chumas daoine déantúsáin áille dea-dhéanta a táirgeadh.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don **dá** shampla atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Ainmnigh an dá chineál déantúsáin i do fhreagra agus bíodh tagairt agat don fhoirm, don fheidhm, agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh agus a mhaisiú.
**agus**
Déan cur síos achomair ar a bhfuil ar eolas agat faoi mhuintir na Cré-umhaoise in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Rinneadh forbairt shuntasach ar an snoíodóireacht chloiche le teacht na Críostaíochta go hÉirinn.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don **dá** shampla atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don struchtúr, don íomháineachas, don mhaisiúchán, agus do theicníochtaí na snoíodóireachta cloiche.
**agus**
Déan plé achomair ar an bhfeidhm a bhí ag na leaca / crosa cloiche.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Roghnaigh ceann **amháin** de na foirgnimh seo a leanas agus ainmnigh an t-ailtire / na hailtirí:
- Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath
- Teach Bhéal na mBuillí, Co. Ros Chomáin
- Teach Bhaile an Chaisleáin, Co. Chill Dara.

(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agat. Déan tagairt dá stíl agus dá thréithe ailtireachta seachtracha.
(c) Déan plé achomair ar **thrí** ghné mhaisiúla inmheánacha de theach mór Seoirseach tipiciúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Bhí spéis ag Jack B. Yeats (1871-1957) i gcumhacht léiritheach datha(nna).
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do "**Fir na Cinniúna**" atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, agus don teicníocht.
**agus**
Ainmnigh pictiúr **amháin** eile de chuid Yeats atá ina shampla tipiciúil den stíl a bhí aige agus déan cur síos achomair ar an bpictiúr sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Bhí Mainie Jellett (1897-1944) ar dhuine de na chéad ealaíontóirí Éireannacha a ghlac leis an Nua-Aoiseachas.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do "**Maisiúchán**" atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, agus do na tionchair.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir seo agus déan plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh **duine amháin** díobh seo a leanas:

- Roderic O'Conor (1860-1940)
- Eileen Gray (1878-1976)
- Evie Hone (1894-1955)
- Norah McGuinness (1901-1980)
- Gerard Dillon (1916-1971)
- John Behan (r.1938)
- Rowan Gillespie (r.1953)
- James Hanley (r.1965).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra / dearthóra atá roghnaithe agat. Déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar / fheidhm, don stíl, do na meáin / bunábhair, do na teicníochtaí, agus do na tionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn II - Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá inniu)

**8.** Ainmnigh an dealbhóireacht atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus déan plé mionsonraithe uirthi. Bíodh tagairt agat don dealbhóir, don téama, don chomhdhéanamh, don stíl, agus don ré inar táirgeadh í.
**agus**
Ainmnigh ardeaglais ón ré seo agus déan cur síos agus plé achomair ar a príomhghnéithe ailtireachta.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Chruthaigh Giotto (c.1267-1337) seachmall na doimhneachta ar dhromchla cothrom agus léirigh sé eachtraí drámata ar nós mar a bheadh siad ag titim amach ar stáitse.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do shaothar ainmnithe le Giotto. Déan trácht ar ábhar, ar chomhdhéanamh, ar stíl, agus ar na teicníochtaí a bhí in úsáid aige ina chuid oibre.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir seo agus déan plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Ba iad an mhiotaseolaíocht agus an siombalachas na hábhair ba mhó cúram don phéintéir Sandro Botticelli (c.1445-1510).
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do "**Breith Véineas**" atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don chomhdhéanamh, don ábhar, do láimhseáil na fíorach daonna, agus don ré inar táirgeadh an saothar.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir seo agus déan plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat d'ainm an ealaíontóra, don ábhar, don chomhdhéanamh, do láimhseáil na fíorach daonna, agus don ré inar táirgeadh í.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir seo agus déan plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra*.

**12.** Tá léiriú ghnáthshaol na tuaithe le fáil go minic mar théama i saothar an Réalaí Gustave Courbet (1819-1877).
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do "**Bonjour, Monsieur Courbet**" atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar an dóigh a raibh tionchar ag an Réalachas ar ealaíontóirí an Impriseanachais.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Déan cur síos agus plé ar shaothar ealaíontóra ainmnithe **amháin** a bhain le ré an Iar-Impriseanachais. Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** shaothar ainmnithe atá ina samplaí tipiciúla de stíl an ealaíontóra a roghnaigh tú. Bíodh tagairt agat don ábhar, don chomhdhéanamh, agus do theicníochtaí a bhí in úsáid i ngach ceann den dá shaothar.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar an dóigh a raibh tionchar ag saothar an ealaíontóra a roghnaigh tú ar fhorbairt na healaíne sa 20ú haois.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar atá in oiriúint do cheann **amháin** de na catagóirí seo a leanas:
- dealbhóireacht le Gislebertus (r. 12ú haois)
- pictiúr le Rembrandt (1606-1669)
- pictiúr le Turner (1775-1851)
- pictiúr le Renoir (1841-1919)
- dealbhóireacht le Henry Moore (1898-1986).

(b) Déan mionphlé ar an saothar atá roghnaithe agat agus tú ag tagairt don ealaíontóir, don stíl, don chomhdhéanamh / dearadh, do na bunábhair, don teicníocht, agus don ré inar táirgeadh é.
(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** de na stíleanna ealaíne seo a leanas:
- Ealaín Bharócach
- Eispriseanachas
- An Bauhaus
- Osréalachas.

(b) Pléigh na príomhthréithe den stíl atá roghnaithe agat.
(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den stíl atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Cuirtear eolas ar fáil i ngailearaithe, i músaeim, agus ag séadchomharthaí náisiúnta chun cur leis an tairbhe a bhaineann an breathnóir as an ócáid.
Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Déan plé ar an ráiteas sin agus déan cur síos ar an gcaoi a gcuirtear an t-eolas sin ar fáil i bhformáidí éagsúla, agus cén fáth.

(b) Déan cur síos agus mionphlé ar dhéantúsán ainmnithe **amháin** ar chuir tú spéis ann i ngailearaí, i músaem nó ag séadchomhartha náisiúnta ar thug tú cuairt air. Cuir in iúl cén dóigh ar chuir an t-eolas a bhí ar fáil le léirthuiscint an déantúsáin agat.

(c) Déan cur síos ar **dhá** ghné d'fheidhmchlár (aip) le haghaidh fóin chliste nó le haghaidh suíomh gréasáin a scaipfeadh eolas faoi thaispeántas d'obair cheardaíochta na mac léinn i do scoil agus a spreagfadh spéis daoine ann.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Cé acu ceann de na cineálacha (*genres*) scannáin a ndearnadh tú staidéar orthu is fearr leat? Bíodh tagairt agat do theicníochtaí scannánaíochta i do fhreagra.

(b) Tabhair breac-chuntas ar na smaointe atá agat i dtaobh gearrscannáin dar teideal 'Mo Shaol'. Cuir béim ar ghnéithe amhairc an scannáin, an suíomh, an obair cheamara, agus an soilsiú san áireamh.

(c) Mínigh an dóigh a mbeadh tionchar ag an gcineál (*genre*) scannáin is fearr leat ar do ghearrscannán.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is cuid thábhachtach de phróiseas an díolacháin agus na margaíochta é an taispeántas i bhfuinneog siopa (amharcmharsantú).
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt don taispeántas fuinneoige sa siopa éadaí atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Cuir in iúl cé acu atá sé éifeachtach nó nach bhfuil, dar leat, agus déan tagairt i do fhreagra don téama, don leagan amach, do na frapaí, don dath / do na dathanna, agus don éifeacht fhoriomlán.
**agus**
Déan cur síos achomair ar na smaointe atá agat le haghaidh fuinneog shiopa a mbeadh trealamh ealaíne **nó** fóin phóca ar taispeáint inti, agus déan iad a sceitseáil.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Bá chóir don ailtireacht faoin tuath a bheith ag teacht le tírdhreach an cheantair.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don teach atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Déan tagairt i do fhreagra don scála, do na bunábhair, don dath / do na dathanna / don bhailchríoch, don tírdhreach, agus don tionchar ar an timpeallacht.
**agus**
Scríobh cuntas achomair ar an tuairim atá agat de na cúraimí físiúla ar chóir iad a chur san áireamh nuair a bhíonn tithe cónaithe uirbeacha á ndearadh.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is í obair an dearthóra grafaicí teachtaireachtaí soiléire a chur in iúl ach bíonn níos mó saoirse ag an ealaíontóir amhairc.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don **dá** íomhá atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Déan trácht ar an méid a bhíonn á chur in iúl ag an dearthóir grafaicí agus ag an ealaíontóir amhairc. Bíodh tagairt agat don chomhdhéanamh / don leagan amach, don dath / do na dathanna, agus don teicníocht.
**agus**
Roghnaigh agus ainmnigh saothar ealaíne as do chúrsa ar stair na healaíne a bhféadfaí úsáid éifeachtach a bhaint as chun táirge a fhógairt. Tabhair cúiseanna achoimre le do rogha agus mínigh an dóigh a bhféadfaí úsáid a bhaint as chun an táirge a fhógairt.
*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán

Leathanach Bán